

Feasachán teicniúil Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: an t-iniúchadh ar rialtacht

Méan Fómhair 2020

Forbraíodh an nóta teorach seo don fhoireann agus iad i mbun oibre ar ghné rialtacha an iniúchta phoiblí. Féadfar é a roinnt le conraitheoirí a dhéanann iniúchtaí thar ceann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus le cliaintchomhlachtaí.

Feasachán teicniúil Oifig an Ard- Reachtair Cuntas agus Ciste: an t-iniúchadh ar rialtacht B2

Méan Fómhair 2020

Is bealach tábhachtach é ráitis airgeadais a ullmhú ag aonáin san earnáil phoiblí trína mbíonn siad cuntasach as úsáid na gcistí poiblí a chuirtear ar fáil dóibh. Léiríonn coincheap na rialtacha imní nár cheart airgead poiblí a úsáid ach amháin chun na gcríoch sin arna gceadú ag Dáil Éireann agus de réir an údaráis dlí lena rialaítear iad. Dá bhrí sin, bíonn fairsinge i gceist leis an rialtacht, agus substaint na n-idirbheart agus teidlíocht fhaighteoirí cistí poiblí á gcuimsiú freisin.

Is é cuspóir foriomlán an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart dearbhú a fháil gur cuireadh airgead i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe agus de réir an údaráis dlí lena rialaítear iad. Bíonn cuspóirí comhchosúla i gceist le réimse na bhfáltas.

Sainmhínítear in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 rialtacht maidir le ranna rialtais agus tá boird oideachais agus oiliúna leagtha amach san. Mar phrionsabal, cuirtear coincheap na rialtacha i bhfeidhm freisin san iniúchadh ar gach eintiteas eile san earnáil phoiblí atá faoi shainchúram iniúchta an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste.

Ábhar Tagartha

An tAcht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

ISA 315 (Athbhreithnithe) 'Na Rioscaí a bhaineann le Míríteas Ábhartha a Shainaithint agus a Mheasúnú tríd an Aonán agus a Thimpeallacht a Thuiscint'

ISA 250 'Breithniú ar Dhlíthe agus Rialacháin in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais'

ISA 240 'Freagrachtaí an Iniúcháir maidir le Calaois in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais'

Cuimsítear i ráitis airgeadais na n-aonán san earnáil phoiblí dearbhú intuigthe maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais.¹

Leagtar amach san fheasachán seo treoir phraiticiúil maidir le hiniúchadh ar rialtacht i leith

- tuiscint leordhóthanach a fháil ar chreat na rialtachta
- na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a shainaithint agus a mheasúnú mar gheall ar mhainneachtain ceanglais rialtachta a chomhlíonadh
- freagairtí iniúchta ar rioscaí measúnaithe lena n-áirítear tástáil ar rialtacht
- tuairisciú ar rialtacht
- neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán eile a thuairisciú.

Tuiscint leordhóthanach a fháil ar chreat na rialtachta

Ní mór don iniúcháir dlíthe agus rialacháin agus an creat airgeadais a bhaineann go sonrach leis an aonán a shainaithint agus tuiscint leathan a fháil atá leordhóthanach chun go bhféadfar idirbhearta nó imeachtaí a shainaithint a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu ar rialtacht na n-idirbheart sna ráitis airgeadais. Tarraingeofar na húdaráis dlí rialaithe, a mheasann an t-iniúcháir agus é ag fáil eolais ar ghníomhaíochtaí an aonáin agus ag sainaithint an chreata rialtachta, ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear

- an reachtaíocht bhunaidh lena mbunaítear feidhmeanna, cumhachtaí agus teorainneacha idirbheart agus údarás tobhaigh táillí an aonáin sanearnáil phoiblí
- reachtaíocht lena rialaítear teidlíocht ar mhaoiniú ó scéim, clár nó tionscadal arna riaradh ag an aonán san earnáil phoiblí
- reachtaíocht ghinearálta lena rialaítear aonáin shonracha san earnáil phoiblí lena n-áirítear na hAchtanna Airí agus Rúnaithe agus, go háirithe, na ceanglais reachtúla chun cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cibé acu i bhfoirm shonrach nó de bhun tarmligeán ilréimseach le haghaidh caiteachais
- reachtaíocht lena rialaítear leithreasú cistí lena n-áirítear an tAcht Leithreasa bliantúil agus an tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965
- Ionstraimí Reachtúla a bhaineann leis an aonán.

¹ Mír A131 de /SA 315 (Athbhreithnithe) 'Na Rioscaí a bhaineann le Míráiteas Ábhartha a Shainaithint agus a Mheasúnú tríd an Aonán agus a Thimpeallacht a Thuiscint' a bhaineann le ceanglais /SA 315, 25 (b) maidir le rioscaí míráiteas ábhartha a mheas ag leibhéal an dearbhaithe .

Seachas tagairt dhíreach don mhéid thuas, tá foinsí eile teorach maidir leis an gcreat rialála a shainaithint san áireamh

- *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- teoracha arna n-eisiúint faoi údarás dlíthiúil ag an roinn urraíochta d'aonáin eile sa rialtas láir
- cáipéisíocht arna táirgeadh ag an aonán lena dtugtar, mar shampla, i dtimpeallacht chasta, thugann breac-chuntas ar aistriú na n-údarás ina rialacha agus ina nósanna imeachta ábhartha
- plé le pearsanra san aonán agus
- taithí roimhe seo leis an aonán nó le haonáin chomhchosúla.

Na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha a bhaineann le rialtacht a shainaithint agus a mheasúnú

Chun an riosca go dtarlódh míráiteas ábhartha a mheasúnú, úsáideann an t-iniúcháir breithiúnas chun raon fachtóirí a mheas. De ghnáth beidh rialuithe inmheánacha suiteáilte ag aonáin san earnáil phoiblí chun rialtacht a chinntiú le linn na próiseála idirbheart. Is minic a oibríonn na rialuithe seo taobh le nósanna imeachta a sholáthraíonn, ó thaobh an iniúchta de, fianaise maidir le dearbhuithe eile. Is éard atá i gceist le breithniú rialuithe chun idirbhearta neamhrialta a chosc nó a bhrath ná an timpeallacht rialaithe ghinearálta ar leibhéal an aonáin a mheas chomh maith le nósanna imeachta rialaithe a bhaineann le sruthanna idirbheart aonair. Tá samplaí de rialuithe maolaitheacha maidir le rioscaí sonracha don rialtacht leagtha amach sa tábla thíos.

Riosca	Cur síos	Rialuithe Maolaitheacha
Castacht na Rialachán	Dá casta na rialacháin is ea is mó an riosca earráide. D'fhéadfadh sé seo tarlú trí mhíthuiscint nó trí mhíchiall maidir leis an rialachán nó trí earráid i bhfeidhmiú an rialacháin.	➤ Nósanna imeachta foirmiúla chun ceanglais reachtúla a aistriú ina dtreoracha oibriúcháin. ➤ Pleananna rialaithe foirmiúla arna n-ullmhú agus faoi mhonatóireacht ag bainisteoirí scéime. ➤ Athbhreithniú ar phleananna rialaithe scéime agus ar lámhleabhair oibriúcháin trí iniúchadh inmheánach nó iniúchadh neamhspleách éigin eile.

Reachtaíocht Nua	D'fhéadfadh go n-éileofaí le reachtaíocht nua go dtabharfar nósanna imeachta nua riaracháin agus rialaithe isteach. D'fhéadfadh earráidí a bheith mar thoradh air seo i ndearadh nó i bhfeidhmí na rialuithe a theastaíonn chun rialtacht a chinntiú.	Baineann na rialuithe a sainaitníodh thuas le nósanna imeachta foirmiúla chun ceanglais reachtúla a aistriú ina rialacha na scéime. Beidh pleananna rialaithe foirmiúla agus an t-athbhreithniú neamhspleách ar threoracha oibriúcháin agus ar phleananna rialaithe i bhfeidhm freisin nuair a thugtar scéimeanna isteach tar éis reachtaíochta nua.
Scéimeanna an Aontais Eorpaigh	Sa chás go bhforbraíonn an AE reachtaíocht bíonn baol ann go bhféadfaí míchiall a bhaint as rialacháin agus as treoir a nó go bhfágfaí ar lár iad ó threoracha inmheánacha.	Baineann na rialuithe maolaitheacha a shainaitnítear i dtaca le castacht na rialachán go cothrom le scéimeanna arna maoiniú ag an AE.
Seirbhísí agus cláir a sheachadtar trí thríú páirtithe	Sa chás go riarann gníomhairí cláir, caillean aonáin méid áirithe smachta agus b'fhéidir go mbeidh orthu brath ar ghníomhairí chun comhlíonadh le húdaráis a chinntiú.	➤ Comhaontuithe foirmiúla idir an t-aonán agus an gníomhaire lena sainmhínítear nósanna imeachta rialaithe atá le cur i bhfeidhm i riaradh seirbhísí. ➤ Rialú bainistíochta agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí tríú páirtí. ➤ Cuairteanna cigireachta trí iniúchadh inmheánach ar thríú páirtithe chun córais agus nósanna imeachta a athbhreithniú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rialtacht. ➤ Deimhniú neamhspleách ar íocaíochtaí agus admhálacha ag iniúchóir na dtríú páirtithe.

Íocaíochtaí agus admhálacha a dhéantar ar bhonn éileamh nó dearbhuithe	Féadfar srian a chur ar chumas aonáin comhlíonadh le húdaráis a dhearbhuí i gcás, mar shampla, nach bhfuil critéir a shonraítear chun deontas a fháil faoi réir fíorú díreach.	➤ Critéir bhunaithe chun éilimh a dhéanamh, leagtha amach go soiléir i dtreoracha agus i dtreoir d'éilítheoirí. ➤ Ceanglais maidir le doiciméadacht a léiríonn fianaise ar theidlíocht a chur isteach mar thaca le héilimh. ➤ Cigireacht fhisiciúil ar thaifid éilítheoirí srl., chun incháilitheacht a dhearbhuí. ➤ Nósanna imeachta chun seasamh airgeadais éilítheoirí a mheas sula ndeonaítear deontas agus chun monatóireacht a dhéanamh ar shócmhainneacht leanúnach. ➤ Deimhniú neamhspleách ar chur i bhfeidhm an deontais ag iniúcháir seachtrach.
---	---	---

Tástáil le haghaidh rialtacht

Is gnách go ndéantar tástálacha ar rialtacht a chomhtháthú leo siúd a bhaineann le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais agus bíonn tástálacha mionsonraithe i gceist leo chun idirbhearta nó aicmí idirbheart a bhrath i gcás nach féidir an dearbhú rialtacht a chothú agus nuair is gá tástálacha ar éifeachtacht oibriúcháin rialuithe maidir le míráitis ábhartha an dearbhaithe rialtacht a chosc, nó a bhrath agus a cheartú. Tá na prionsabail agus na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm chun fianaise iomchuí leordhóthanach a fháil chun tacú le tuairim ar rialtacht na n-idirbheart a thaifeadtar i ráitis airgeadais aonáin sa rialtas láir mar an gcéanna leo siúd a chuirtear i bhfeidhm ar iniúchadh aon dearbhaithe ráitis airgeadais eile.

Go ginearálta, lorgaítear dearbhú iniúchta trí mheascán d'athbhreithnithe 'ón mbarr anuas' ar an gcreat rialtacht lena rialaítear aicmí íocaíochtaí agus athbhreithnithe 'ón mbun aníos' ar idirbhearta. Maidir leis seo, is dearbhú lárnach é rialtacht le linn iniúchtaí uile na hearnála poiblí. Braithfidh méid na hoibre iniúchta ar rialtacht ar chineál agus ar chastacht na reachtaíochta ábhartha agus ar údaráis eile.

Agus rialuithe atá leabaithe i gcórais an aonáin á dtástáil, déanann an t-iniúcháir breithniú ar an gcaoi a gcinntíonn bainistíocht an aonáin go gcomhlíontar an creat rialtacht agus déanann sé iarracht an riosca a bhaineann le neamhrialtacht ábhartha a mhaolú trí na rialuithe sin.

D'fhéadfadh go dtiocfadh breithnithe ar leith chun cinn maidir le nósanna imeachta iniúchta a dhearadh i ndáil leis an dearbhú rialtachta. Mar shampla,

D'fhéadfadh go mbeadh i gceist le rialuithe tástála ar rialtacht scrúdú	➤ ar dhearadh an chórais, ar an bpróiseas chun ceanglais reachtúla a aistriú ina rialacha agus ina nósanna imeachta oibriúcháin, agus ar na gníomhaíochtaí rialaithe arna mbunú laistigh den chóras ➤ ar mheicníochtaí um údarú idirbheart laistigh den aonán.
D'fhéadfadh go mbeadh seo i gceist le tástáil ar mhionsonraí maidir le rialtacht na n-idirbheart	➤ an scéim íocaíochta a scrúdú chun a fháil amach an bhfuil an cuspóir agus na rialacha comhsheasmhach leis na húdaráis reachtach agus le húdaráis eile ➤ sruthanna idirbheart nó catagóirí cuntas a scrúdú d'fhonn idirbhearta a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh d'intinn Dáil Éireann ➤ a chinneadh gur fhan caiteachas laistigh de theorainneacha sonraithe ➤ scrúdú a dhéanamh ar vires agus ar theidlíocht.

Rialtacht na ndéontas

Chun an dearbhú rialtachta a iniúchadh i gcás gurb ar aonán san earnáil phoiblí atá an t-iniúchadh, a d'íoc deontas le haonán eile, féadfaidh an t-iniúcháir scrúdú a dhéanamh ar na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an aonán chun é féin a shásamh faoi úsáid mhaoinithe deontais. Cuimsítear sna socruithe seo córais agus nósanna imeachta a chuimsíonn an mhonatóireacht agus tuairisciú ar úsáid deontas ag an deontaí mar atá leagtha amach i gclár 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Bhainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státhchiste.

Féadfaidh an t-iniúcháir obair iniúcháir an deontaí a úsáid freisin agus fairsinge a nósanna imeachta iniúchta féin a laghdú. I roinnt cásanna, níl ceart rochtana ag an iniúcháir agus úsáidfídh sé obair na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil nó iniúcháirí eile. I measc samplaí den chás seo tá na deontais a íocann ranna chun gníomhaireachtaí Stát-urraithe a mhaoiniú nach ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu agus na deontais a íocann an Ciste Rialtais Áitiúil le húdaráis áitiúla.

Rialtacht na bhfáltas

Téann an t-iniúcháir i mbun an iniúchta ar rialtacht fáltas, lena n-áirítear ioncaim ó chánachas agus ó fhoinsí eile, ar an mbealach céanna leis an iniúchadh ar rialtacht an chaiteachais. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh cúinsí faoi leith ann agus iniúchadh á dhéanamh ar rialtacht na dtáillí agus na muirear a ghearrann aonáin san earnáil phoiblí mar shampla

- athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha chun a dheimhniú go dtugann sé údarás iomchuí chun táillí agus muirir a ghearradh
- ag deimhniú go bhfuil táillí i gcomhréir leis an Ionstraim Reachtuil nó le hordú eile arna eisiúint faoin reachtaíocht rialaithe
- le haghaidh gníomhaíochtaí maoinithe le vóta, ag deimhniú go soláthraíonn an tAcht Leithreasa an t-údarás iomchuí chun na hadmhálacha a chur i bhfeidhm mar chabhair chaiteachais.

Rialtacht agus Tuairisciú

Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in aon chás ábhartha nuair nár éirigh leis an aonán ceanglais rialtachta a chomhlíonadh. Cé gur príomh-dhearbhú é rialtacht a thástáiltear le linn gach iniúchta san earnáil phoiblí agus gurb oibleagáid shonrach reachtuil i ranna rialtais agus i mboird oideachais agus oiliúna í, is é 'trí eisceacht' an cineál tuairiscithe a ghlactar i ngach cás. Tá sé seo bunaithe ar na forálacha reachtúla atá ann lena gceanglaítear ar an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt sa deimhniú iniúchta ar aon chás ábhartha inar mhainnigh an t-aonán caiteachas a taifeadadh sna ráitis airgeadais a chur i bhfeidhm chun na gcríoch a beartaíodh nó i gcás nach gcomhlíonann na hidirbhearta an t-údarás faoina n-airbheartaítear gur cuireadh i gcrích iad.

De ghnáth, tabharfar tuairisc ar chásanna d'idirbhearta neamhrialta do bhainistíocht an aonáin chun go bhféadfar bearta ceartaitheacha a dhéanamh, mar shampla, trí ró-íocaíochtaí deontais a aisghabháil. In iniúchadh ar roinn rialtais, tugann Acht 1993 breac-chuntas ar an bpróiseas atá le déanamh lena n-áirítear tuairisciú air sin sa chás go gcreideann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste gur thabhaigh an roinn caiteachas nach raibh inmhuirir i gceart nó gur thabhaigh sí caiteachas ábhartha nach raibh údaráithe.

Maidir le haonáin eile san earnáil phoiblí i gcás nach féidir leis an aonán beart ceartaitheach a dhéanamh, féadfar an t-aonán a spreagadh chun an neamhchomhlíonadh a nochtadh ina ráitis airgeadais trí imthosca agus fairsinge fhéideartha na n-idirbheart neamhrialta a leagan amach. Fiú nuair a nochtar sárú rialtachta, breithneoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste fós na himpleachtaí don tuairim iniúchta ar rialtacht agus an gá le tuarascáil ar leithligh a chur i láthair ar an ábhar. Agus é sin á dhéanamh, measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ábharthacht an ábhair atá i gceist.

Calaois i gcomhthéacs na tuairime rialtachta

Ní féidir ach le cúirt dlí a chinneadh an bhfuil idirbheart áirithe calaoiseach. Mar sin féin, is minic a bhíonn an t-iniúchóir ag teacht ar shuíomhanna ina mbíonn amhras ann go bhfuil calaois ann, a shainaithníonn an bhainistíocht, trí iniúchadh inmheánach, tríú páirtithe nó an t-iniúchóir. Cé nach bhfuil sé de chumhacht ag an iniúchóir a chinneadh ar tharla calaois i ndáiríre nó nár tharla, tá freagracht air / uirthi a chinneadh an gcomhlíonann na hidirbhearta lena mbaineann na húdaráis dlí lena rialaítear iad, dar leis/léi.

Ní féidir le hidirbhearta calaoiseacha, de réir an tsainmhínithe, a bheith rialta ós rud é go bhfuil siad gan údarás ceart. Mar an gcéanna, tá mí-leithghabháil sócmhainní neamhrialta agus meastar an riosca go ndéanfar mí-leithghabháil ábhartha ar shócmhainní mar gheall ar chalaois a bheith de réir an dá /SA 240, lena leagtar béim ar mhídhílsiú ag an mbainistíocht nó ag fostaithe. Sa chás go bhfuil sé de dhualgas tuairim rialtachta a thabhairt (lena n-áirítear ‘trí eisceacht’), bíonn coinníoll maidir le cuid na rialála den tuairim mar thoradh i gcónaí ar chalaois atá ábhartha, beag beann ar mhodh nó ar fhairsinge a nochtaithe sna ráitis airgeadais.

Neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán eile a thuairisciú.

Pléann iniúchóirí ar aonáin san earnáil phríobháideach leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme freisin. Mar sin féin, tá an timpeallacht ina n-oibríonn siad difriúil, toisc go mbíonn oibríochtaí aonán san earnáil phríobháideach faoi réir rialála nach bhfuil chomh mionsonraithe ná iad siúd sa rialtas láir. Go deimhin, tarraingíonn /SA 250 ‘Breithniú ar Dhlíthe agus Rialacháin in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais’ aird ar an bhfíric go bhféadfadh dualgais a bheith ar iniúchóir aonán san earnáil phoiblí a théann níos faide ná dualgais iniúchóirí aonán san earnáil phríobháideach.

Seachas freagrachtaí an iniúcháora maidir le rialtacht, sonraítear i mír A20 de /SA 250 (a bhaineann le ceanglais /SA 250, 29) go bhféadfadh sé go mbeadh oibleagáid ar iniúchóir na hearnála poiblí tuairisc a thabhairt ar neamhchomhlíonadh aitheanta nó amhrasta don reachtas nó do chomhlacht rialaithe eile nó iad a thuairisciú i dtuarascáil an iniúcháora. Féadfaidh na cásanna seo a leanas teacht chun cinn i gcomhthéacs iniúchadh poiblí.

Breithniú na reachtaíochta ar éilliú

Mar gheall ar reachtaíocht shonrach maidir le héilliú² a chumhdaíonn an earnáil phoiblí, measann an t-iniúchóir cé dó a fhéadfaidh sé / sí gníomhartha éillithe amhrasta nó iarbhir a thuairisciú, is cuma an bhféadfadh iarmhairtí ábhartha an éillithe tionchar ábhartha a imirt ar na ráitis airgeadais, dar leis/léi.

² An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018

Ar an gcéad dul síos, is gnách go gcuirtear an t-ábhar in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas a bhfuil sé de fhreagracht orthu an t-ábhar a thuairisciú do na húdaráis chuí. Má shainaithníonn an t-iniúcháir cás éillithe amhrasta nó iarbhrí, agus más rud é, tar éis dó/di an t-ábhar a thuairisciú dóibh siúd atá freagrach as rialachas, nach féidir leis/léi a fháil amach an ndearna na daoine atá freagrach as rialachas an t-ábhar a thuairisciú don tríú páirtí ábhartha, tógann an t-iniúcháir an céimeanna atá leagtha amach i mír 44 de ISA 240.

Sciúradh airgid

Tá an t-iniúcháir ar an eolas freisin faoina f(h)reagrachtaí maidir le sciúradh airgid nó idirbhearta maoinithe sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le 'leideanna a thabhairt'.³ Cinntíonn an t-iniúcháir go rachfar i gcomhairle leis an Oifigeach Tuairiscithe Sciúrtha Airgid ainmnithe agus é/i ag smaoineamh ar thuairisc a thabhairt don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim.

Neamhchomhlíonadh eile

Ní chuimsítear, i bhfreagracht an iniúchára tuairim a chur in iúl ar ráitis airgeadais aonáin san earnáil phoiblí, a chinneadh ar chomhlíon an t-aonán gach reachtaíocht is infheidhme, mar shampla reachtaíocht chánach. Sa chás seo, faigheann an t-iniúcháir dóthain fianaise iomchuí chun dearbhú réasúnach a thabhairt nach ndéantar míráiteas ábhartha ar na méideanna atá san áireamh sna ráitis airgeadais i leith cánachais. De ghnáth áireofar leis seo fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh orthu siúd a thugann comhairle don aonán ar ábhair chánachais. Má thagann an t-iniúcháir ar an eolas gur mhainnigh an t-aonán ceanglais na reachtaíochta cánach a chomhlíonadh, measann an t-iniúcháir an ceart an t-ábhar a thuairisciú lasmuigh den aonán.

³ Alt 49 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010